

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1996

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I**  
(200 marc)

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Cailfear marcanna trí bheith fallfóch ann.)

**Gach ceist (1, 2 agus 3) a fhreagairt.**

1. Aiste a scríobh ar cheann amháin de na hábhair seo. (100 marc)

[N.B. Ní gá dul thar 3 leathanach (600 - 700 focal) nó mar sin.]

- (a) Fadhb *idirnáisiúnta* a bhfuil an-spéis agam inti.
- (b) An ceol - a thábhacht i saol an duine, dar liom.
- (c) "An ríomhaire - níl teorainn lena bhuanne" - an fíor sin, an dóigh leat?
- (d) Chonaic tú fógra san iris **Mahogany Gaspipe** ag iarraidh ar dhaltaí Ardteistiméireachta ailt a scríobh ar an téama Aoibhinn Beatha an Scoláire. Bronnfar duais £200 ar an iarracht is fearr. Scríobh an t-alt a chuirfeá féin chuig an eagarthóir ar an téama sin.
- (e) Scríobh an chaint a dhéanfá - i ndíospóireacht scoile - ar son nó in aghaidh an rúin seo a leanas:-  
*"Is buntáiste mór é gur oileán i Éire."*
- (f) Scéal nó aiste a cheapadh a mbeadh an seanfhocal An Rud is Annamh is Iontach oriúnach mar theideal air.

**2. Freagair A agus B. [30 marc]**

**A (20 marc)**

Athscríobh na sleachta anseo thíos ag tosú le "Dúirt Bríd le Séamas" nó le "Dúirt Séamas le Bríd", de réir mar a oireann.

- (i) "Is aoibhinn liomsa an t-amhrán sin, a Shéamais," arsa Bríd, "is é an t-amhrán is fearr dá bhfuil ar an diosca é."
- (ii) "Is breá liomsa é chomh maith, a Bhríd," arsa Séamas, "agus má thugann tusa an diosca ar lasacht dom déanfaidh mé cóip de sa bhaile."
- (iii) "Ná bíodh buairt ar bith ort faoi sin, a Shéamais," arsa Bríd, "tabharfaidh mé duit é agus fáilte."

**B (10 marc)**

Athscríobh do rogha cúig cinn de na habairtí seo thíos agus cuir focal (nó focail) a oireann don chiall sa bhearna i ngach cás.

- (i) "Go ..... beo ar an am seo arfis!"
- (ii) Ní raibh an ..... rogha againn ach cur suas leis.
- (iii) Bhí lúcháir ..... cuimse uirthi nuair a bhain sí an duais.
- (iv) "Ná ..... ormsa é má chaill sibh."
- (v) "Bhí siad i ..... Éireann níos fearr sa dara leath, cheap mé."
- (vi) Tosach maith ..... na hoibre!
- (vii) "Ní bheinn ag súil ..... mhalaírt ó dhuine mar é."
- (viii) Bhí titim na hoíche ann nuair a bhaineamar ..... scríbe amach.
- (ix) Ní raibh d'ábhar ..... acu go ceann i bhfad ach an marú gránna úd.
- (x) Baineadh geit chomh mór sin as gur ..... nár chaill sé a mheabhair.

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]

## AN GORTA MÓR - SÚIL SIAR!

Ba é an Gorta Mór sa tír seo céad is caoga bliain ó shin an tubaiste ba mheasa dár tharla riamh sna hoileáin seo, agus is lomai sin bealach ina bhfuiltear á chomóradh faoi láthair. Craoladh sráith de cheithre chílár, mar shampla, ar RTÉ tamall ó shin, sráith an-spéisíúll faol ghnéithe éagsúla den tréimhse úd. Eagraodh ceolchoirm speisialta sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath dar theideal Slad agus Slán, ceolchoirm a raibh léiriú inti ar scéal beatha clainne amháin a mhair le linn an Ghorta. I gcomhthéacs na n-imeachtaí comórtha seo ar fad ba mhaith ab fhíú do dhuine, dar liom, súil a chaitheamh arís ar an gcaibidil chorráitreach faoin nGorta úd atá ag an Athair Peadar Ó Laoghaire ina leabhar cáiliúil, *Mo Scéal Féin*. Éist leis an sliocht seo as:

"D'iompaigh an drochshaol gach aon rud taobh síos suas. Agus rud ab iontach, is iad na feirmeoirí móra láidre a thit ar dtús. An té nach raibh aige aghach an fheirm bheag ní raibh cíos móra ná glaonna móra air roimhe sin. Níor dheacair dó anois cúbadh chuige beagánín eile. Ach an té a raibh an fheirm mhór aige bhí taithí ar an mbeatha chostasach aige. Nuair a tháinig an t-athrú saoil stad toradh na feirme láithreach. Bhí an chailliuínt rómhór agus na glaonna rómhór. Níorbh fhéidir iad a fheareagairt agus scuab siad dá bhoinn é. Na daoine a chailléad a gcuid talaimh, ní bhíodh le déanamh acu ach dul ag iarraidh déirce. Ní fada a bhíodh ag iarraidh na déirce nuair a thagadh breoiteacht orthu agus d'fhaighidís bás. Go minic, nuair a bhíodh an t-oíche dian orthu, chaithidís éirí agus aghaidh a thabhairt ar theach comharsan éigin a bhíodh, b'fhéidir, chomh dealbh leo féin, féachaint an bhfaighidís lán béis de rud éigin le n-ithe a bhainfeadh an bhuile ocrais díobh."



● Sceitsí a rinneadh le linn an Ghorta

Agus éist leis an ngiota seo aige: "Tháinig an gorta agus b'éigean do Phádraig agus dá bhean agus don bheirt leanbh a bhí acu, Síle agus Diarmuidín, imeacht síos go Maigh Chromtha agus dul isteach i dt each na mbocth. An túisce a bhí siad istigh ann scaradh iad go léir ó chéile. Cuiréadh an t-athair i measc na bhfear, an mháthair i measc na mban, Síle i measc na gcaillín agus Diarmuidín beag i measc na leanaí óga. Bhí an teach go léir, agus a raibh de dhaoine bochta ann, múchta le gach aon saghas drochbhreitheachtaí. Ní bhíodh síl dá leath sa teach. Ní dhéanál síl, an méid nach bhféadadh dul isteach díobh, ach iad féin a shíneadh ar phort na habhann taobh thios den droichead. D'fheictí ansin iad gach aon mhaidin tar éis na hoscáile, agus iad sínte ina sraitheanna ann. Thagtaí ar ball agus thógtai an chuid díobh nach mbíodh aon chor á chur díobh acu, agus thugtaí i dtrucailí iad suas go háit a raibh poll mórmhainin leathan ar oscailt dóibh, agus chuití síos sa pholl sin i dteannta a chéile iad. Dhéantais an rud céanna leis an méid a bhíodh marbh istigh sa teach díobh tar éis na hoscáile. Ní rófhada tar éis dul isteach dóibh gur tháinig an bás ar Diarmuidín. Caitheadh in airde ar an trucail an corp beag agus tugadh suas go dtí an poll mórmhainin, agus caitheadh isteach ann é i dteannta na gcorp eile. Níorbh fhada gur lean Síle Diarmuidín.....".

Ní amhras ná gur croí cloiche a bheadh ag an té nach gcorrófaí ag an insint sin. Fágaimis an focal scoir ag an Athair Peadar féin - "Sin mar a bhí an scéalaí an uair sin, go gránna agus go fuafar agus go déistíneach, mórmhimeall na háite inar tógaigh mise, agus tuigim go raibh an scéal ar an gcuma chéanna díreach mórmhimeall na hÉireann go léir."

- (i) Cén t-eolas atá sa *chéad alt* i dtaobh dhá bhealach inar comóradh an Gorta Mór tamall ó shin? (8 marc)
- (ii)
  - (a) "Is iad na feirmeoirí móra láidre a thit ar dtús." Cén míniú atá sa *dara halt* ar an bhfáth a bhí leis sin? (5 marc)
  - (b) Cad a bhí i ndán dóibh siúd a chaill a gcuid talaimh? (3 marc)
- (iii) Tá cur síos an-bheoga sa *tríú halt* ar theach na mbocth Mhaigh Chromtha agus ar shaol na ndaoine ann aimsir an drochshaoil. Luagh trí mhórphointe as an gcur síos sin. (9 marc)
- (iv) Mínigh go cruinn *gach ceann* de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht. (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. [Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, oiread agus is féidir leat.]

## MAR A BHÍ - MAR ATÁ !

I gcroílár shliéibhte na bPiréini atá **Andóra** - an stát is lú agus is scoite amach san Eoraip, agus é, chomh maith, ar cheann de na stáit is sine ar domhan. Níl fiú an dá chéad míle cearnach faoi, agus gan de dhaonra ann ach thart ar leathchéad míle duine. Sna gleannta cúnga a luíonn idir na slíebhte arda a chónaíonn an formhór mór acusan. Bhí na slíebhte sin faoi bhrat sneachta (mar a bhíonn ar feadh seacht mí in aghaidh na bliana!) nuair a bhí mé ann roinnt seachtainí ó shin. Foinse saibhris iad na slíebhte sin do mhuintir **Andóra**. Plódaíonn na mílte cuairteoirí (go leor Éireannach ar mo nós féin ina meascl) isteach chucu, sa gheimhreadh go háirithe, ar shaoire sciála.

Ach tá foinse saibhris eile in **Andóra**. Stát saor ó dhleacht is ea é, agus is geall le hollmhargadh leathan í an t-áir aonais a mheallann na sluaite ón bhFrainc agus ón Spáinn chun earráil leictreacha, biotáille agus toitíní a cheannach gó saor. D'fhéadfáil an leasainm úd a thug Napólean ar mhuintir Shasana, "náisiún siopadóiri", a ghreadamú chomh maith céanna de mhuintir **Andóra**. Tá an phríomhchathair, *Andorra la Vella*, nasctha leis na bailte in aon gheall léi sa chaol gur lárlónad ollmhór siopadóireachta an áit sin ar fad. Bíonn na bóithre chomh plódaithe sin le carranna go nglaoitear "an lárlónad páircéala is airde san Eoraip" go tarcaisneach ar **Andóra**.



### ● Sciáil sna Piréini !

A mhalaírt de scéal a bhí ann leathchéad bliain ó shin. Bhí **Andóra** an t-am sin ionann is deighilté ón gcuid eile den domhan. Ba iad an talmhafocht agus an smugleáil na príomhshlítí beatha a bhí ag na daoine. Ba thraigisiúin iad sin a chuaigh siar go dtí bunú an stáití seacht gcéad bliain ó shin. Ba iad na Múraigh a bhí ann roimhe sin ach nuair a bhailigh siad san leo d'éirigh aighneas idir easpag Spáinneach agus curta Francach faoi úinéireacht an stráice shliéibhlí talún seo. Réitíodh an t-achrann i 1278 nuair a tugadh neamhspleáchas don limistéar faoi chomh-ardtiarnas na beirte. Tá an socrú sin i bhfeidhm fós bíodh is gurb é Uachtaráin na Fraince atá in áit an chunta Fhrancaigh aonais mar dhuine den bheirt "chomphrionsa".

Ach tháinig athrú ar thraigisiúin na tire le fás na turasóireachta agus na trádála saor ó dhleacht. Anois tá cultúr na Andórách báite faoi thonn na dturasóirí a dhoirteann anuas ar an stát ina milliún gach bliain. Is mionlach iad na hAndóraigh ina dtí féin i láthair na huaire, gan iontu ach an ceathrú cuid den daonra. Catalánaigh, agus Spáinnigh eile, 60% den daonra, agus Francaligh den chuid is mó atá san fhílleadach. Níl amhras, dá thoradh sin uile, ná go bhfuil teanga - an Chatalánis - agus cultúr dúchais na príomhsacha seo i mbaol a mbasctha. Is í an Chatalánis fós, ar ndóigh, príomhtheanga na gnáthmhuintire agus teanga oifigiúil an stát, agus tá tréaníarrachtaí ar siúl i gcónaí ag na húdaráis ar mhaithle leis an teanga dhúchais agus an cultúr a ghabhann léi a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Bhraith mé féin, áfach, gur tí gan anam é **Andóra** - nár thada é ach soláthraí earráil saor ó dhleacht agus áit súgartha do thurasóirí. Bhain mé taitneamh, agus ardtaitneamh, as an sciáil ach ní raibh aon aiféala orm nuair a d'fhág mé an tír bheag seo a bhfuil a hoidhreacht á díol aici, dar liom, le lucht gaimbrí.

(as alt san *Irish Times*  
le Liam Mac Uistín)

- (i) (a) "Foinse saibhris iad na slíebhte sin." Insint an-ghairid a thabhairt ar a bhfuil i gceist ansin. (4 marc)
- (b) "Tá foinse saibhris eile in **Andóra**." Insint an-ghairid a thabhairt ar a bhfuil i gceist ansin. (4 marc)
- (ii) "Réitíodh an t-achrann i 1278." Cén t-achrann a bhí ann agus cén réiteach a dtángthas air? (8 marc)
- (iii) Is ag caint ar theanga (an Chatalánis) agus ar chultúr **Andóra** bheith i mbaol atá an scríbhneoir sa cheathrú agus sa chúigiú halt. Luaign trí mhórphointe atá aige faoin ábhar sin. (9 marc)
- (iv) Mínigh go cruinn gach ceann de na focail/leaganacha a bhfuil líne fúthu sa sliocht. (10 marc)